Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití Tuarascáil Chomhairliúcháin 2023

Cuid 3
Barúlacha agus Gníomhartha Molta ó Aighneachtaí na bPáirtithe Leasmhara

Comhairliúchán a rinne
H2 Learning
thar ceann na Roinne Oideachais
agus na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Samhain 2023

Clár na nÁbhar

1. Forléargas 2

1.1 Aighneachtaí na bPáirtithe Leasmhara 2

2. Barúlacha agus Bearta Molta 5

2.1 Tuismitheoirí agus Pobail 5

2.2 Oideoirí Luathbhlianta/ Scileanna Múinteora agus Ceannaireachta 8

2.3 Curaclam agus Eispéiris Foghlama 3

2.4 Tacú le Foghlaimeoirí Éagsúla 1

2.5 Measúnú agus Meastóireacht 5

2.6 Litearthacht Dhigiteach 9

1. Forléargas

Soláthraítear sa tuarascáil seo anailís ardleibhéil ar na haighneachtaí a fuarthas mar chuid den chomhairliúchán maidir le Litearthacht, Uimhearthacht agus Litearthacht Dhigiteach (LULD). Rinneadh anailís ar na haighneachtaí faoi shé cheannteideal, mar seo a leanas:

1. Tuismitheoirí agus Pobail
2. Scileanna Múinteora agus Ceannaireachta
3. Curaclam agus Eispéiris Foghlama
4. Tacú le Foghlaimeoirí Éagsúla
5. Measúnú agus Meastóireacht
6. Litearthacht Dhigiteach

Áiríodh sna haighneachtaí raon leathan tuairimí ar gach céim den chóras oideachais. Thug siad aghaidh ar raon leathan saincheisteanna agus moltaí a bhaineann leis an oideachas i gcoitinne. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go ndíríonn na haighneachtaí go mór ar an mbunscoil agus ar an iar-bhunscoil agus go bhfuil formhór na ngníomhartha agus na moltaí dírithe ar na leibhéil sin seachas ar fhoghlaim agus chúram na luath-óige.

Chun críocha an chomhairliúcháin LULD, ba ghá díriú go sonrach ar phríomhbharúlacha agus ar ghníomhaíochtaí molta a bhaineann go sonrach le straitéis litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a fhorbairt. Tá achoimre ar na príomhbharúlacha agus ar na bearta molta sa chéad chuid eile faoi na sé cheannteideal thuas, agus is iad sin a bhí ina mbonn eolais do dhréachtú na moltaí comhairliúcháin foriomlána. Tá na 35 aighneacht iomlán ar fáil ar leithligh ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais.

1.1 Aighneachtaí na bPáirtithe Leasmhara

Fuarthas aighneachtaí mionsonraithe ó 35 eagraíocht:

1. Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha (ACCS)
2. Ionad AMBER

3. Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire (ASTI)
4. Barnardos
5. Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha (CPSMA)
6. Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann
7. COGG
8. Conradh na Gaeilge
9. CPSMA agus Bord Oideachais Ard-Sionad Eaglais na hÉireann
10. Institiúid FuJo OCBÁC agus EDMO Éireann
11. An Roinn Sláinte
12. Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL)
13. Cumann Disléicse na hÉireann
14. Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ)
15. Ionad Taighde Oideachais
16. Gael Linn
17. Institiúid na Fisice (IOP)
18. INTO
19. Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)
20. Coiste na hÉireann um Oideachas Matamaitice
21. Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
22. Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN)
23. Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann
24. Comhchomhlacht Bainistíochta
25. Forbairt Leabharlann, An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
26. SBCA, An tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid
27. Litearthacht sna Meáin, Éire
28. An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA)
29. An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)
30. Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí
31. An tAonad um Beartas Tacaíochta Tuismitheoireachta RLCMLÓ
32. Teangacha Iar-Bhunscoile Éireann (PPLI)
33. An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)
34. SFGM Teicneolaíocht san Oideachas

35. Aontas Múinteoirí Éireann (TUI)

2. Barúlacha agus Bearta Molta

2.1 Tuismitheoirí agus Pobail

Príomhbharúlacha

An Ról atá ag Tuismitheoirí agus ag Teaghlaigh

Tá ról ríthábhachtach ag tuismitheoirí, mar phríomhoideoir an linbh, maidir le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach leanaí a chur chun cinn, ról a fhaigheann tacaíocht ó theaghlaigh, agus ón bpobal i gcoitinne. Feabhsaíonn rannpháirtíocht mhéadaithe tuismitheoirí torthaí agus tuarann leibhéil níos airde oideachais tuismitheoirí gnóthachtáil oideachais agus scileanna litearthachta níos fearr do leanaí. Is féidir tuiscint na dtuismitheoirí ar an oideachas nua-aimseartha a fheabhsú nuair a ghlacann suíomhanna FCLÓ agus scoileanna cur chuige comhpháirtíochta agus nuair a spreagann siad rannpháirtíocht tuismitheoirí, rud a chothaíonn ardmheas ar an oideachas sa bhaile. Mar sin féin, tá dúshláin ann ina bhféadfadh tionchar a bheith ag riachtanais litearthachta agus dhigiteacha na dtuismitheoirí féin ar a gcumas dul i ngleic le foghlaim a gcuid leanaí.

Cláir agus Straitéisí i bhForbairt Litearthachta agus Uimhearthachta

Tá ról lárnach ag an gClár um Pobail Shláintiúla Sláintecare, i measc clár eile, maidir le tacú le litearthacht agus uimhearthacht. Chuaigh Bord Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ), a dhéanann ionadaíocht thar ceann 16 BOO, i gcomhairle le hoideoirí maidir le straitéis nua litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití. Tá acmhainneacht léirithe ag cláir litearthachta teaghlaigh maidir le timthriallta míbhuntáiste oideachasúil a bhriseadh, rud a chuireann béim ar an tábhacht a bhaineann le cumarsáid shoiléir a thacaíonn le litearthacht do thuismitheoirí.

Fócas Idirnáisiúnta ar Rannpháirtíocht Tuismitheoirí

Thug tíortha mar Albain, Tuaisceart Éireann, an RA agus Ceanada tús áite do rannpháirtíocht tuismitheoirí agus d'fhoghlaim teaghlaigh ina gcuid straitéisí oideachais. Cuireann Tuaisceart Éireann, mar shampla, acmhainní ar líne ar fáil do thuismitheoirí agus d'fhoghlaimeoirí, agus cuireann Ceanada foghlaim teaghlaigh chun cinn trí lá náisiúnta litearthachta.

Breithnithe do Straitéisí Amach Anseo

Ba cheart go mbreithneofaí i bpleanáil straitéisí litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití amach anseo eispéiris agus riachtanais éagsúla na dtuismitheoirí. Is féidir le béim láidir ar chomhoibriú idir tithe, suíomhanna FCLÓ, scoileanna agus an pobal i gcoitinne oideachas rathúil a chinntiú. Is féidir le suíomhanna FCLÓ agus naisc scoile leis an bpobal deiseanna a chothú chun dea-chleachtais a roinnt agus chun foghlaim sa bhaile a chur chun cinn. Ina theannta sin, ba cheart tionchar sóisialta agus síceolaíoch Covid-19 ar leanaí a chur san áireamh i gcinnteoireacht an rialtais.

Leabharlanna mar Phríomhacmhainn

D'fhéadfaí níos mó leasa a bhaint as leabharlanna poiblí chun litearthacht agus uimhearthacht a chur chun cinn i measc leanaí. Is féidir le leabharlanna tionscnaimh náisiúnta a éascú chomh maith ar nós an lae náisiúnta Éire ag Léamh, rud a chuireann lena luach pobail a thuilleadh. Laistigh de scoileanna, ba chóir go leanfaí de bheith ag maoiniú agus ag úsáid leabharlanna scoile agus leabharlanna taispeántais Chlár Scoileanna na Sraithe Sóisearaí (CSSS).

Bearta Molta

Scileanna Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití a Chothú

- Béim a chur ar fhorbairt teanga, litearthachta agus uimhearthachta na luath-óige san oideachas, rud a fhágann go mbeidh sé ina chroífhócas.
- Comhthuiscint a fhorbairt ar na coincheapa sin ar fud suíomhanna FCLÓ agus pobail scoile.
- Feabhas a chur ar rannpháirtíocht tuismitheoirí sna réimsí sin chun tacaíocht foghlama sa bhaile a fheabhsú.
- A chinntiú go bhfuil leabharlann ag gach scoil ina bhfuil acmhainní oiriúnacha ó thaobh aoise agus forbartha de agus cláir oibrithe deonacha áitiúla maidir le litearthacht leanaí a leathnú chun úsáid a bhaint as níos mó acmhainní áitiúla agus oibrithe deonacha.

Rannpháirtíocht Thacúil le Tuismitheoirí

- An tacaíocht do thuismitheoirí agus do chúramóirí a chuireann scoileanna ar fáil a fheabhsú trí thimpeallacht níos fáiltí a chruthú agus cúlraí tuismitheoirí a thuiscint.

- Treoir phraiticiúil a fhorbairt do thuismitheoirí a thacaíonn le foghlaimeoirí óga, treoir a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla de réir aoiseanna agus céimeanna forbartha leanaí.
- Rannpháirtíocht ghníomhach na dtuismitheoirí a spreagadh i sealbhú teanga a leanaí trí ranganna agus tacaíochtaí Gaeilge a chur ar fáil.

Tacú le Cláir Oideachais d'Aosaigh

- Rochtain níos fearr a sholáthar do thuismitheoirí ar chláir oideachais aosach LULD, go háirithe do thuismitheoirí a dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu chun a scileanna litearthachta, uimhearthachta agus/nó litearthachta digití féin a fhorbairt.
- An straitéis nua a nascadh leis an Straitéis um Litearthacht Aosach don Saol, agus díriú ar scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digiteacha ar ardchaighdeán a leabú ar fud gach réimse oideachais.

Comhoibrithe Pobail agus Leabharlainne

- Comhoibriú le leabharlanna áitiúla agus leis an tSeirbhís Leabharlainne Náisiúnta chun foghlaim maidir leis an litearthacht a neartú i bpobail.
- Deiseanna léitheoireachta a chur chun cinn agus cur le tionscnaimh atá ann cheana féin.
- Ba cheart Leabharlanna, Ionaid Acmhainní Teaghlaigh, Ionaid Sláinte, Clóis Súgartha, Páirceanna, Coistí Áitiúla Contae/Cathrach i gCúram Leanaí, agus Líonra na nIonad Oideachais a threisiú chun forbairt litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití leanaí a chur chun cinn.

Litearthacht agus Sábháilteacht Dhigiteach a Chothú

- Aitheantas a thabhairt do ról na dtuismitheoirí maidir le tacú le foghlaim a leanaí agus na hinniúlachtaí digiteacha is gá a sholáthar dóibh.
- Oideachas a chur ar thuismitheoirí maidir le sábháilteacht ar líne agus rannpháirt a thabhairt don phobal gnó i bhforbairt scileanna digiteacha.
- Cúrsaí oiliúna saor in aisce a thairiscint in Ionaid Oideachais Áitiúla do thuismitheoirí chun tacaíocht níos fearr a thabhairt d'fhorbairt a leanaí.

Tacaíocht Fheabhsaithe do Theaghlaigh EAL agus don Lucht Siúil/do na Romaigh

- Seisiúin ionduchtaithe a thairiscint agus soláthar foghlama teaghlaigh a mhéadú do theaghlaigh a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu (EAL).

- Acmhainní a bhunú atá nasctha leis an leanbh den Lucht Siúil/de na Romaigh seachas leis an scoil, rud a thugann solúbthacht do theaghlaigh chun glacadh leis nó tarraingt amach.

Feasacht agus Inrochtaineacht a Mhéadú

- Feachtas meán náisiúnta a fhorbairt chun feasacht a mhúscailt ar róil tuismitheoirí agus ar róil pobal maidir le tacú le forbairt litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití.
- Infheistíocht bhreise a dhéanamh i gcláir litearthachta agus foghlama teaghlaigh chun tacú le tuismitheoirí a bhfuil riachtanais litearthachta acu nach bhfuil á gcomhlíonadh agus chun plean láidir a fhorbairt do phobail atá faoi mhíbhuntáiste.

Comhoibriú Tras-rannach a Spreagadh

- Cur chuige tras-rannach agus comhtháite a spreagadh i leith straitéisí LULD, atá dírithe ar thionscnaimh faoi stiúir an phobail.
- Líonraí idirdhisciplíneacha a chruthú chun tacaíochtaí pobail do LULD a chomhordú.

Cuimsitheacht Chultúrtha a Fhorbairt

- Cultúr léitheoireachta a chothú chun taitneamh a bhaint aisti, ina mbeidh tuismitheoirí agus pobail páirteach níos mó i dtacú le Forbairt Litearthachta agus Uimhearthachta leanaí.
- Dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge agus teangacha eile a chothú, agus béim a chur ar aistrithe scileanna idir teangacha ag an am céanna.
- Scéim na gCúntóirí Teanga a leathnú chun níos mó scoileanna a chur san áireamh.

Infheistíocht a dhéanamh i dTaighde agus Forbairt

- Taighde a mhaoiniú i réimsí na príobháideachta agus na litearthachta digití criticiúla.
- Páirt a ghlacadh in oideachas pobail, feasacht, agus oiliúint trí líonraí ábhartha do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí.

2.2 Oideoirí Luathbhlianta/ Scileanna Múinteora agus Ceannaireachta

Príomhbharúlacha

Dúshláin maidir le Ceannaireacht agus Riarachán Scoile

Tá ról lárnach ag príomhoidí agus ag bainisteoirí FCLÓ maidir le timpeallacht a chruthú a thacaíonn le teagasc agus foghlaim éifeachtach, lena n-áirítear teanga a fhoghlaim. Tugadh faoi deara sna haighneachtaí go bhfuil príomhoidí scoile, go háirithe, ag tabhairt aghaidhe ar raon leathan dúshlán faoi láthair. Iarradh tacaíochtaí breise a chur ar fáil lena chur ar a gcumas athchóirithe curaclaim a thabhairt isteach agus tacú leo, amhail an straitéis LULD, go sonrach tríd an ualach riaracháin ar cheannairí scoile a laghdú ionas go mbeidh níos mó ama acu athruithe fiúntacha a chur i bhfeidhm.

Forbairt Ghairmiúil agus Tacaíocht Oideolaíoch

Tá forbairt oideolaíoch leanúnach d'oideoirí agus múinteoirí luathbhlianta ríthábhachtach le haghaidh eispéiris agus torthaí foghlama feabhsaithe. Tá gá le tacaíocht mharthanach TFC agus litearthachta digití i scoileanna, agus tacaíocht chun torthaí measúnaithe a léirmhíniú. Leis an nganntanas náisiúnta múinteoirí matamaitice leagtar béim ar an bpráinn atá ann cláir cháilíochta do mhúinteoirí reatha a leathnú maidir le múinteoirí a mhúineann i réimsí nach bhfuil cáilíocht acu iontu nó a dteastaíonn cáilíocht ábhair breise uathu, le maoiniú stáit chun níos mó daoine a spreagadh iad a roghnú.

Rogha agus Tacaíocht an Mhúinteora

Tá gá le níos mó nascachta agus infheictheachta ar fud na hearnála chun cláir chuí a shainaithint agus líonraí gairmiúla a fhorbairt. Ba cheart go mbeadh rogha ag ceannairí scoile maidir leis an bhforbairt ghairmiúil ba cheart a chur ar fáil ionas go mbeadh tionchar bríoch aici ar a suíomh.

Fócas ar Mhúineadh agus ar Fhoghlaim na Gaeilge

Leagadh béim ar an ngá atá le forbairt ghairmiúil leanúnach chun tacú le hinniúlacht Gaeilge na múinteoirí, mar tugadh faoi deara go bhfuil easpa muiníne ag múinteoirí áirithe i labhairt agus i múineadh na teanga.

Comhoibrithe idir Eolaithe agus Scoileanna agus Acmhainní Múinteoirí

Leagadh béim ar chomhoibriú atá ann cheana féin idir ardoideachas agus/nó gnó/tionscal le scoileanna, go háirithe maidir le ETIM (STEM). I go leor cásanna bíonn ról suntasach ag comhoibriú dá leithéid i bhforbairt scileanna uimhearthachta agus litearthachta digití.

Bearta Molta

Feabhas a chur ar Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil Múinteoirí

- Pobail ghníomhacha chleachtais a éascú laistigh de scoileanna agus idir scoileanna araon chun cleachtais éifeachtacha a fhorbairt i spriocréimsí, lena n-áirítear an Litearthacht, an Uimhearthacht agus an Litearthacht Dhigiteach.
- Breathnú ar bhreathnóireacht piaraí agus tacaíocht idir scoileanna éagsúla agus cnuasaigh scoileanna a chruthú chun na príomhréimsí sin a fheabhsú thar shuíomhanna éagsúla.
- Nuair is féidir, forbairt ghairmiúil agus oiliúint uile-scoile a sholáthar, le hobair leantach mar chuid di, ionas gur féidir le scoileanna cuir chuige nasctha LULD a phleanáil agus a chur chun feidhme le chéile.
- Cláir shonracha a chur chun feidhme do mhúinteoirí nuacháilithe faoi Dhroichead.
- Múinteoirí a spreagadh chun dea-chleachtais a roinnt.
- Maidir le haistrithe, córas a bhunú chun eolas a roinnt idir múinteoirí de Rang a Sé agus de Bhliain a hAon.
- Leanúint ar aghaidh ag cur cleachtais measúnaithe mhúnlaithigh agus measúnaithe shuimithigh chun cinn i soláthar na forbartha gairmiúla.
- Cineálacha bunathraithe den fhorbairt ghairmiúil a chur chun cinn maidir le tionchar na gcuraclam nua. Tacaíochtaí cuí ar líne agus i bpearsa a sholáthar do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile sa litearthacht, san uimhearthacht agus sa litearthacht dhigiteach.
- Litearthacht dhigiteach a fhorbairt ar fud na n-earnálacha oideachais go léir le fócas ar fhorbairt ghairmiúil do mhúinteoirí agus d'oideoirí FCLÓ araon.

Díriú ar Scileanna Litearthachta, Uimhearthachta, agus Litearthachta Digití

- Múinteoirí a spreagadh agus tacú leo gnéithe léitheoireachta a mhúineadh go follasach agus straitéisí tuisceana a chleachtadh.
- Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM) agus cláir Bhreisoideachais agus Ardoideachais FCLÓ a fheabhsú trí fhócas a mhéadú ar scileanna teanga agus

matamaitice agus foghlaim agus forbairt ghairmiúil a fhorbairt d'fhoireann na scoile, lena n-áirítear oiliúint ar theicneolaíocht dhigiteach nua agus cláir litearthachta comhtháite.

Ceannaireacht Scoile a Chothú agus Ualaí Riaracháin a Laghdú

- A chinntiú go mbeidh dóthain ama agus spáis ann le haghaidh ceannaireacht éifeachtach scoile.
- I gcás inarb infheidhme, bhí éilimh ann chun an t-ualach riaracháin ar phríomhoidí a laghdú chun níos mó ama a thabhairt dóibh chun athruithe suntasacha a chur i bhfeidhm.
- Tacú le ceannairí scoile leis na hacmhainní riachtanacha ionas go n-éireoidh le straitéisí oideachais nua. Forbairt ghairmiúil a chur ar fáil d'fhoirne bainistíochta inscoile maidir le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach a stiúradh ina scoileanna.

Nuálaíocht Ceannaireachta Scoile

- Nuálaíocht cheannaireachta a spreagadh trí scoileanna a bhraisliú le tacaíocht ó chomhpháirtithe pobail agus gnó/tionscail. Tacú le comhtheagasc, teagasc foirne, breathnóireacht piaraí agus am pleanála straitéisí do mhúinteoirí chun cleachtais éifeachtacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Inniúlacht sa Ghaeilge a Chothú

- Ranganna agus tacaíochtaí Gaeilge a chur ar fáil d'oideoirí luathbhlianta, agus do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile ar mian leo oibriú sa Ghaeltacht agus i scoileanna agus suíomhanna lán-Ghaeilge.
- Nuair is féidir ba chóir go ndíreodh an fhorbairt ghairmiúil ar dhea-chleachtais don tumoideachas, mar shampla an clár Foghlama Comhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT).

2.3 Curaclam agus Eispéiris Foghlama

Príomhbharúlacha

Tacaíocht d'Fhoghlaim atá Bunaithe ar Shúgradh

Aithnítear go bhfuil gá le tacaíocht fheabhsaithe agus le forbairt ghairmiúil don fhoghlaim atá bunaithe ar shúgradh i mbunscoileanna. Tá sé sin ríthábhachtach i bhforbairt iomlán leanaí. Cuireann Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige, béim ar fhoghlaim atá dírithe ar an leanbh agus bunaithe ar fhiosrú ina bhfuil eispéiris teanga, litearthachta agus uimhearthachta fite fuaite le súgradh leanaí.

Acmhainní Foghlama Comhtháite

Tá ról lárnach ag cruthú acmhainní in oideachas leanaí. Go háirithe, tá acmhainní a chomhtháthaíonn ceachtanna eolaíochta le litearthacht, drámaíocht agus dearadh éifeachtach chun scileanna na leanaí a fhorbairt maidir le hoibriú go heolaíoch agus le cuspóirí eile a bhaint amach.

Fócas ar an Litearthacht agus ar an Uimhearthacht

Cuireadh béim ar thábhacht na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití. Luadh cláir litearthachta ar leith atá ag obair i dtreo litearthacht leanaí a fheabhsú. Cé go bhfuil roinnt clár a bhfuil cuma iontach orthu do leanaí níos óige, tugadh faoi deara go bhféadfadh easpa soláthair den sórt sin a bheith ann d'fhoghlaimeoirí fásta.

Comhtháthú le Beartais agus Straitéisí eile

Ba cheart roinnt straitéisí agus beartais atá ann cheana féin, lena n-áirítear an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus an Plean Forfheidhmithe, Plean Straitéiseach na Roinne Oideachais 2022-2023 agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, a bhreithniú agus an Straitéis nua á forbairt.

Forás maidir le Cuir Chuige Theagaisc

Le himeacht ama, tá forbairt shuntasach tagtha ar chuir chuige theagaisc don litearthacht, don uimhearthacht agus don litearthacht dhigiteach. Tá sé sin soiléir i bhforbairtí i g*Creatchuraclam na Bunscoile*. Tá cothromaíocht idir scileanna foirmiúla léitheoireachta agus scríbhneoireachta agus gnéithe bunúsacha litearthachta tábhachtach do gach céim den oideachas, ón mbunoideachas go dtí an tsraith shinsearach.

Tosca lasmuigh den scoil a aithint

Ba cheart go ndíreodh an straitéis LULD nua ar ghníomhú an fhoghlaimeora agus ar thosca lasmuigh den scoil a théann i bhfeidhm ar dhul chun cinn an fhoghlaimeora.

Bearta Molta

Forbairt an Churaclaim

- *Curaclam Teanga na Bunscoile* a chur chun cinn agus a fheabhsú le hábhair thacaíochta bhreise mar threoracha, eiseamláirí, físeáin, pobal cleachtais, ceardlanna agus seimineáir ghréasáin.

- Cur chuige iomlánaíoch a fhorbairt don churaclam agus don mheasúnú ón mbunoideachas go dtí an tríú leibhéal.
- Litearthacht na meán a leabú laistigh de churaclam na scoile chun an t-eolas a thabhairt d'fhoghlaimeoirí chun an domhan digiteach a nascleanúint go héifeachtach.
- A chinntiú go bhfuil go leor ama curtha ar fáil ag scoileanna ar a n-amchláir faoi seach do ghníomhaíochtaí LULD. Ba cheart ábhar na ngníomhaíochtaí sin a athbhreithniú agus a bheachtú go rialta chun athruithe leanúnacha sa teicneolaíocht (e.g. IS, na meáin shóisialta) agus noirm shóisialta a léiriú.
- Fócas ar scileanna labharthachta a fheabhsú i scoileanna, toisc go bhfuil na scileanna sin riachtanach d'fhorbairt litearthachta. Ba chóir go leagfadh an curaclam béim níos mó ar an taitneamh a bhaineann leanaí as an léitheoireacht a chothú.

Acmhainní Teagaisc Teanga a Fheabhsú

- Acmhainní teagaisc teanga a thairiscint, amhail an cur chuige cumarsáideach, an cur chuige tascbhunaithe agus foghlaim chomhtháite ábhar agus teanga (FCÁT), do mhúinteoirí bunscoile atá ag teagasc na Gaeilge.
- Ábhair i gcanúintí éagsúla a chur ar fáil do gach rang i mbunscoileanna, lena n-áirítear éagsúlacht litríochta do leibhéil éagsúla scileanna agus spéiseanna.

Tacú le hOideoirí agus Múinteoirí Luathbhlianta san Oideachas Litearthachta

- Acmhainní tacaíochta a sholáthar d'oideoirí agus do mhúinteoirí luathbhlianta chun cabhrú le tacú le forbairt litearthachta, dea-chleachtais an tumoideachais, agus fóineolaíocht na Gaeilge.

Tionscnaimh Litearthachta agus Uimhearthachta a Leathnú

- Tionscnaimh Litearthachta agus Uimhearthachta, amhail Breith ar an Léitheoireacht agus ar an Matamaitic, a tuairiscíodh a bheith an-éifeachtach i scoileanna CDSISI (DEIS), a leathnú chuig earnáil na bunscoile níos leithne.

Foghlaim Dhigiteach a Chomhtháthú

- Foghlaim dhigiteach a chomhtháthú i ngach réimse ábhar agus dea-chleachtas agus acmhainní a roinnt ar chuir chuige chomhtháite theagaisc agus foghlama i scoileanna.

Tacú le hÚsáid na Gaeilge

- Tacaíocht níos leithne a chur ar fáil do thionscnaimh thar chontanam an oideachais a spreagann úsáid na Gaeilge, ar nós an chláir 'Gaelbhratach'. An Ghaeilge a chuimsiú i ngach feachtas poiblíochta thar gach ardán meán.
- Ba chóir téacsleabhair scoile agus acmhainní breise i nGaeilge a fhorbairt do gach ábhar. Ábhar tacaíochta a chruthú i nGaeilge nádúrtha, sothuigthe thar na trí phríomhchanúint. Béim a chur ar úsáid "Ghaeilge Shimplí" atá inléite don phobal i gcoitinne.
- Taighde a dhéanamh ar mhúineadh na Gaeilge i mbunscoileanna Béarla agus acmhainní a chur ar fáil do na scoileanna sin chun teagasc na Gaeilge a fheabhsú.
- Smaoineamh ar dheontais a chur ar fáil do theaghlaigh chun am a chaitheamh sa Ghaeltacht le tumadh sa Ghaeilge.

Oideachas Cuimsitheach a Chothú

- A chinntiú go bhfuil féiniúlacht an Lucht Siúil sofheicthe agus comhtháite sna curaclaim, san oideolaíocht agus i mbonneagar FCLÓ agus na scoile chun braistint mhuintearais a chothú d'fhoghlaimeoirí.

Tacú leis an bhFoghlaim sa Bhaile

- A dhearbhú go bhfuil gá le leabharlanna ina bhfuil neart leabhar atá oiriúnach ó thaobh aoise agus forbartha de, agus atá lonnaithe go lárnach i ngach scoil. Leanúint ar aghaidh leis an tionscnamh Mála Mo Leabharlainne Bige agus é a leathnú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gClár Ceart chun Léitheoireachta faoi straitéis nua leabharlainne poiblí.

- Físeáin a fhorbairt le samplaí den chaoi a bhfuiltear ag dul i ngleic le modhanna litearthachta agus uimhearthachta i suíomhanna FCLÓ agus i scoileanna chun tacú leis an bhfoghlaim sa bhaile.

Modhanna Teagaisc Nuálacha a Spreagadh

- Tacaíocht mharthanach a sholáthar le cur ar chumas múinteoirí páirt a ghlacadh i gcleachtais oideolaíochta bunathraithe chun litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach a chur chun cinn ar bhealach níos fearr. Cuir chuige, amhail foghlaim atá bunaithe ar fhiosrú, a spreagadh chun níos mó neamhspleáchais a thabhairt d'fhoghlaimeoirí ina gcuid foghlama.
- Leanúint ar aghaidh lena dóthain spáis fhisiciúil a chur ar fáil i scoileanna chun cur chun feidhme iomlán Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige, a chumasú.

Foghlaim na dTeangacha Iasachta

- Smaoineamh ar an soláthar d'fhoghlaim nuatheangacha iasachta a mhéadú do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu. Deiseanna foghlama cumaisc a leathnú chun teangacha nua a shealbhú.
- Béim a chur ar ról na dteangacha oidhreachta, ar chúrsaí idirchultúrtha, agus ar na gnéithe ilteangacha sna curaclaim. Cur ar chumas foghlaimeoirí, ó chúlraí cultúrtha éagsúla, a bheith liteartha ina dteanga féin.

2.4 Tacú le Foghlaimeoirí Éagsúla

Príomhbharúlacha

Tacaíocht d'Fhoghlaimeoirí Éagsúla

Teastaíonn tacaíocht chomhsheasmhach ó fhoghlaimeoirí éagsúla chun barr a gcumais a bhaint amach. Áirítear leis sin úsáid straitéisí a fhreastalaíonn ar shochaí ilchultúrtha agus ilteangach na hÉireann, aitheantas do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, agus úsáid mhéadaithe na teicneolaíochta digití. Ní mór don straitéis nua LULD na ceanglais sin a léiriú.

Aghaidh a thabhairt ar Bhearnaí Cothromais

Ní mór tús áite a thabhairt do bhearnaí cothromais, go háirithe i measc foghlaimeoirí EAL, agus ba cheart saincheisteanna seachtracha go háirithe amhail tionchar na heaspa dídine ar oideachas, iompar dúshlánach i scoileanna agus rochtain oideachais a chinntiú do leanaí easáitithe a mheas maidir le cuir chuige LULD a chur chun feidhme.

Roghanna Rochtana Níos Fearr a Chur ar Fáil

Cé go raibh tionchar dearfach ag Cláir Críochnaithe Scoile ar thorthaí oideachais, tá roinnt leanaí fós ag éirí as an oideachas. Ba chóir tús áite a thabhairt do mhaoiniú do chláir chun tacú le gach leanbh incháilithe.

Tionchar Dearfach na Straitéisí Oideachais le Déanaí

Bhí tionchar dearfach ag rolladh amach Churaclam Teanga na Bunscoile, gluaiseacht i dtreo dearadh uilíoch don fhoghlaim, rolladh amach an Chreata Foghlama Digití, agus fócas ar phríomhscileanna sa tSraith Shóisearach ar fhoghlaimeoirí éagsúla. Tá na tionscnaimh sin mar mhúnlaí rathúla do straitéisí oideachais amach anseo.

Leithdháileadh Acmhainní Múinteoirí RSO

Chuir easpa oiliúna náisiúnta do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile agus leithdháileadh ama breise ar chomhordaitheoirí RSO isteach ar mhúnla nua a thabhairt isteach do leithdháileadh acmhainní múinteoirí do RSO in 2017. Léiríonn sé sin an gá atá le córas tacaíochta níos cuimsithí chun tionscnaimh RSO a chur chun feidhme.

Bearta Molta

Foghlaimeoirí agus Tuismitheoirí Éagsúla a Spreagadh le bheith Páirteach

- Deis a thabhairt d'fhoghlaimeoirí éagsúla agus a dtuismitheoirí a bheith páirteach chun bacainní agus réitigh fhéideartha a shainaithint. Ba cheart go n-áireofaí leis an bpróiseas sin cláir thacaíochta spriocdhírithe a fhorbairt do thuismitheoirí foghlaimeoirí éagsúla freisin.
- Ba chóir do phríomhoidí agus do bhainisteoirí scoile beartais a bhunú a spreagann éagsúlacht teanga, foghlaim ilteangach agus tuiscint idirchultúrtha. Ba chóir go bhfreastalódh na beartais sin ar riachtanais na gcohórt ar leith

d'fhoghlaimeoirí ar an iar-bhunleibhéal agus go leathnóidís an tacaíocht d'fhoghlaimeoirí EAL.

- Ba cheart maoiniú d'acmhainní EAL i scoileanna a mhéadú agus ba cheart go mbeadh stoc éagsúil d'ábhair léitheoireachta ag leabharlanna. Ba chóir go gcuirfí san áireamh leis na gníomhartha sin riachtanais foghlama éagsúla na bhfoghlaimeoirí, go háirithe iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste nó faoi mhíchumas.
- Clár forbartha gairmiúla náisiúnta a fhorbairt agus am tiomnaithe do chomhordaitheoirí RSO. Cabhróidh sé sin le dul i ngleic le riachtanais foghlama uathúla na bhfoghlaimeoirí agus éascóidh sé tacaíocht níos fearr do scoileanna chun cuidiú le teanga labhartha, cognaíocha agus sóisialta.

Tacaíochtaí Foghlaimeora a Fheabhsú agus a Leathnú

- Ní mór cláir CDSISI (DEIS) agus cláir Deontais Teicneolaíochta Cúnta a leathnú agus a fheabhsú chun tacaíocht níos fearr a thabhairt d'fhoghlaimeoirí éagsúla, go háirithe iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch.
- Ba chóir go mbeadh deis ag scoileanna iarratas a dhéanamh ar stádas CDSISI (DEIS) ní ba mhinice agus ba cheart go mbeadh critéir formheasa ní ba leithne ag an Deontas Teicneolaíochta Cúnta.
- A chinntiú go bhfuil leabharlanna ag scoileanna CDSISI (DEIS), an Scéim Cíosa Leabhar Scoile a leathnú do theaghlaigh EAL, agus a chinntiú go gcuireann sainmhúinteoirí tacaíocht teanga ar fáil do dhaltaí EAL.

Éascú a dhéanamh ar Aistrithe idir Shuíomhanna Oideachais

- Pacáistí aistrithe a chur chun feidhme chun cabhrú le leanaí agus le tuismitheoirí le linn aistrithe idir shuíomhanna oideachais éagsúla.

Tacaíocht d'Fhoghlaimeoirí a bhfuil Riachtanais Bhreise acu a Neartú

- Tacaíocht a mhéadú d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise LULD acu, lena n-áirítear tuilleadh tacaíochta duine le duine, measúnuithe síceolaíochta oideachais, agus measúnuithe difreáilte a sholáthar.
- Ba cheart aghaidh a thabhairt ar dhúshláin maidir le soláthar foirne, foireann speisialaithe a sholáthar chun oideachas litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a sheachadadh, agus tacaíocht mhéadaithe a thabhairt do scoileanna maidir le gnéithe labhartha, cognaíocha agus sóisialta teanga.

Inrochtaineacht ar Oideachas Gaeilge a Mhéadú

- A chinntiú gur féidir le gach foghlaimeoir i nGaelscoil/nGaelcholáiste a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu rochtain a fháil uirthi trí mheán na Gaeilge.

Tacaíochtaí a Fheabhsú do Leanaí den Lucht Siúil

- Straitéis a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití leanaí den Lucht Siúil a fheabhsú. Maoiniú a leithdháileadh ar Oifigigh Tacaíochta Oideachais agus Bheartais in eagraíochtaí an Lucht Siúil ar leibhéil éagsúla agus deireadh a chur le bacainní ar rochtain an Lucht Siúil ar chláir FCLÓ agus iarscoile.

Teanga Chomharthaíochta na hÉireann

- Curaclam Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ), raon gearrchúrsaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn, forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí agus CRSanna in Braille Aontaithe Béarla, agus acmhainní curaclaim ar ardchaighdeán in TCÉ agus in Braille, i measc nithe eile, a fhorbairt.

Aghaidh a thabhairt ar Dhúshláin Oideachais atá Níos Measa de bharr COVID-19

- Aghaidh a thabhairt ar an gcaillteanas foghlama agus ar na fadhbanna meabhairshláinte de bharr na paindéime Covid-19, go háirithe i measc grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste. Cuir chuige atá bunaithe ar thráma a ionchorprú i suíomhanna agus seomraí ranga FCLÓ lena n-aithnítear na fadhbanna a bhíonn ag grúpaí imeallaithe. Aghaidh a thabhairt ar rochtain dhigiteach chun tacú le hoideachas leanaí agus forbairt litearthachta digití.

Daoine Fásta a bhfuil Riachtanais Éagsúla Foghlama acu a Chumhachtú

- Cur chuige foghlama d'aosaigh a ghlacadh a chuireann luach ar thaithí saoil agus a chruthaíonn timpeallacht fhoghlaimeoir-lárnach. Dul i dteagmháil arís le daoine fásta a d'fhág an scoil go luath, maoiniú a leathnú chuig múnlaí scolaíochta malartacha, le haghaidh gach atreoraithe incháilithe, agus cleachtais nuálacha a athbhreithniú agus a fhoilsiú d'fhoghlaimeoirí atá i mbaol.

Feabhas a chur ar Sholáthairtí do Mhíchumais Intleachta agus Neamhoird Speictrim

- Tá gá le soláthar saincheaptha agus tacaíochtaí do leanaí atá faoi mhíchumas intleachta agus a bhfuil neamhoird de chuid speictream an uathachais orthu. Ról na seirbhísí tacaíochta amhail Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta, Eagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais agus foireann Teagmhála Baile is Scoile a

neartú chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do thuismitheoirí agus do theaghlaigh foghlaimeoirí éagsúla.

Inrochtaineacht Acmhainní Oideachais a Fheabhsú

- Inrochtaineacht a fheabhsú trí leaganacha d'acmhainní atá éasca le léamh a sholáthar. Tacaíocht imleor agus oiriúnach a thairiscint d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise acu gan iad a phiocadh amach nó gan fadhbanna féinmhuiníne a chruthú. Rannpháirtíocht i nDearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) agus tuiscint air a mhéadú thar gach earnáil. D'fhéadfadh scoileanna a bheith mar ionaid for-rochtana do sheirbhísí pobail.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an inrochtaineacht teanga téacsleabhar agus acmhainní lena chinntiú go bhfuil siad inrochtana agus cuimsitheach do gach foghlaimeoir.

Fócas a Choinneáil ar Thacaíochtaí don Bhéarla mar Theanga Bhreise (EAL)

- Fócas a choinneáil ar thacaíochtaí EAL a sholáthar. Tá gá le forálacha speisialta d'fhoghlaimeoirí EAL atá ag éalú ó chriosanna coinbhleachta agus tá gá le maoiniú le haghaidh tacaíochtaí síceolaíochta chun cabhrú le diagnóisic a dhéanamh ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí.

Tacaíochtaí Tráthúla Lasmuigh den Scoil a Chur chun Feidhme

- A chinntiú go bhfuil tacaíocht thráthúil lasmuigh den scoil ar fáil d'fhoghlaimeoirí a bhfuil deacrachtaí pearsanta nó sláinte acu. Tá sé tábhachtach díriú ar fhoghlaimeoirí atá i mbaol agus acmhainní a chur ar fáil do ghrúpaí mionlaigh amhail an Lucht Siúil agus iad siúd nach cainteoirí dúchais Béarla iad.

2.5 Measúnú agus Meastóireacht

Príomhbharúlacha

Tionchar Dearfach na gClár Litearthachta

Tá rathúlacht na Straitéise Náisiúnta 2011 chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga molta ag roinnt páirtithe leasmhara le linn na céime comhairliúcháin.

Tugann scóráil fheabhsaithe foghlaimeoirí na hÉireann i measúnuithe idirnáisiúnta le fios go bhfuil ag éirí leis an Straitéis Náisiúnta 2011 chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú. Mar sin féin, is léir go bhfuil easpa shuntasach gníomhaíochtaí digiteacha ardoird agus scileanna smaointeoireachta criticiúla ann, rud a léiríonn réimsí ar gá tuilleadh feabhais a chur orthu.

Raon Riachtanais na bhFoghlaimeoirí agus Acmhainní atá ar Fáil

Tá sé casta oideachas a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais gach foghlaimeora agus teastaíonn raon leathan acmhainní chun é sin a dhéanamh. Ba cheart go mbeadh uaillmhian an rialtais maidir le scileanna riachtanacha litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a bheith ag gach leanbh agus ag gach duine óg in Éirinn mar thagarmharc do straitéisí sa todhchaí agus do mheasúnú a dhéanamh orthu.

Tuarascálacha Cigireachta agus Leithdháileadh Acmhainní

Ba chóir machnamh a dhéanamh ar acmhainn/tacaíocht bhreise a sholáthar do scoileanna le haghaidh moltaí éascaithe a dhéantar i dtuarascálacha cigireachta scoile.

Buarthaí maidir le hAthbhreithnithe agus Tomhas Straitéise

Tá imní ann maidir leis an easpa faisnéise ar conas a dhéanfar tionchar na straitéise a thomhas, rud a thugann le fios go bhfuil gá le modheolaíochtaí meastóireachta atá soiléir agus trédhearcach.

Tástáil Chaighdeánaithe

Tá sé tábhachtach ról na tástála caighdeánaithe i scoileanna a thuiscint. Braitear go bhfuil an iomarca béime ar bhearta eimpíreacha d'inniúlachtaí litearthachta agus uimhearthachta agus nuair is féidir, ba chóir úsáid na trialach caighdeánaithe a chothromú le breithiúnas iomasach agus le cleachtas machnamhach i measc múinteoirí.

Bearta Molta

Feabhas a chur ar Litearthacht Mheasúnaithe do Mhúinteoirí

- Béim a chur ar a thábhachtaí atá sé muinín a bheith daoine as cumas cinnteoireachta gairmiúla múinteoirí sa straitéis nua don litearthacht, don uimhearthacht agus don litearthacht dhigiteach.
- Ba chóir go n-aithneofaí breathnóireacht na múinteoirí ar fhoghlaim na bhfoghlaimeoirí mar acmhainn luachmhar chun dul chun cinn agus riachtanais an fhoghlaimeora a mheasúnú.
- Forbairt ghairmiúil a sholáthar do mhúinteoirí ar riar, anailís agus léirmhíniú trialacha diagnóiseacha, agus conas na torthaí sin a úsáid chun eolas a dhéanamh do chleachtais seomra ranga.
- Tacú le cláir forbartha gairmiúla amhail Measúnú Múnlaitheach trí úsáid a bhaint as Punanna Digiteacha chun litearthacht mheasúnaithe do mhúinteoirí a fheabhsú go suntasach. Tugann cláir dá leithéid na scileanna agus an t-eolas do mhúinteoirí chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim na ndaltaí agus chun tacú léi ar bhealach níos fearr.

Measúnuithe Éifeachtacha a Dhearadh d'Fhoghlaim Teangacha

- Measúnuithe a dhearadh don Ghaeilge sna bunscoileanna chun aiseolas a sholáthar d'fhoghlaimeoirí agus do thuismitheoirí agus chun cleachtais mheasúnaithe a chomhtháthú leis an teagasc. Ar mhaithe le foghlaim teanga éifeachtach, ba cheart go gcothódh córais mheasúnaithe agus scrúdaithe forbairt scileanna teanga agus go mbeidís ag teacht le dréacht-sonraíochtaí nua. An Pacáiste Measúnaithe EAL a nuashonrú agus leagan digiteach a fhorbairt.

Cuir Chuige Mheasúnaithe a Bhunú

- Cur chuige caighdeánaithe a bhunú ar scoil chun litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach a mheasúnú, agus féinmheastóireacht foghlaimeora a thabhairt isteach.
- Scoileanna a spreagadh le tabhairt faoi thástáil chaighdeánaithe ar léitheoireacht na Gaeilge i mbunscoileanna Béarla chun cur le héifeachtacht Churaclam Teanga na Bunscoile.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtas measúnaithe ar leibhéal na hArdteistiméireachta agus athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar roghanna measúnaithe athraitheacha do Scrúduithe Stáit.

- Múinteoirí a spreagadh chun Measúnú chun Foghlama a úsáid chun tacú le foghlaim na ndaltaí agus chun eolas a dhéanamh don ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim.
- Rochtain ar uirlisí measúnaithe diagnóisigh agus meastóireachta a mhéadú do scoileanna chun tacú le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach. Is féidir leis na huirlisí sin cabhrú le sainriachtanais foghlama a shainaithint agus eolas a chur ar fáil do straitéisí tacaíochta sainoiriúnaithe.
- Straitéisí measúnaithe a fhorbairt a dhíríonn ar chomhpháirtíochtaí a chruthú le foghlaimeoirí chun machnamh a dhéanamh ar a ndul chun cinn agus chun braistint úinéireachta agus freagrachta as a gcuid foghlama a fhorbairt. Is féidir leis an gcur chuige sin rannpháirtíocht an fhoghlaimeora agus torthaí foghlama a fheabhsú.

Ábhar Tacaíochta agus Taighde a fhoilsiú

- Leanúint ar aghaidh ag foilsiú ábhair agus taighde i réimse na teanga, na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Ba cheart go n-áireofaí leis sin ábhair thacaíochta do thuismitheoirí, chun cabhrú le foghlaim sa bhaile agus chun dul chun cinn acadúil a leanaí a thuiscint.

Teicneolaíocht a Úsáid le haghaidh Measúnaithe

- Úsáid punanna digiteacha i scoileanna a fhiosrú chun cleachtais measúnaithe mhúnlaithigh agus shuimithigh a fheabhsú.
- Iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna pearsantaithe agus measúnaithe a sholáthraíonn bogearraí IS agus bonneagar agus teicneolaíochtaí a chur chun feidhme chun tacú le measúnuithe digiteacha le haghaidh scrúduithe leanúnacha agus scrúduithe deiridh.

Feabhas a chur ar Bhailiú agus Úsáid Sonraí

- Bailiú cuimsitheach sonraí a chur chun feidhme chun tacú le scoileanna saincheisteanna a thagann chun cinn i bhfoghlaim na ndaltaí a shainaithint agus a chur ina gceart.
- Sonraí a bhailiú go rialta le hidirghabhálacha a threorú agus tacú le múinteoirí sonraí foghlama a úsáid go cuí chun cinntí eolasacha a dhéanamh faoi eispéiris foghlama.

- Dul i dteagmháil le tuismitheoirí chun a dtuiscint ar shonraí measúnaithe a mheasúnú.

Cultúr Nuálaíochta a Chothú

- Cultúr nuálaíochta agus trialacha a spreagadh sna scoileanna. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí ghlaonna maoinithe ar chláir nuálacha i gcomhar leis an tríú leibhéal agus leis an tionscal. Spreagfadh sé sin modhanna cruthaitheacha teagaisc agus chruthódh sé cuir chuige nua chun rannpháirtíocht fheabhsaithe an fhoghlaimeora agus torthaí foghlama feabhsaithe a bhaint amach.

2.6 Litearthacht Dhigiteach

Príomhbharúlacha

An Tábhacht a Bhaineann le Litearthacht Dhigiteach

Ba cheart go mbeadh litearthacht dhigiteach ar aon dul leis an litearthacht agus an uimhearthacht thraidisiúnta agus ba cheart go mbeadh sí mar fhócas lárnach sa Straitéis nua. I ndomhan atá ag éirí níos digití i gcónaí, tá litearthacht dhigiteach riachtanach do leanaí agus do dhaoine óga chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus an tírdhreach digiteach a nascleanúint.

Luach na bPobal Cleachtais Áitiúla

Tá pobail chleachtais áitiúla tairbheach do scoileanna chun uasoiliúint agus dea-chleachtais a roinnt maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha don litearthacht agus don uimhearthacht. Is féidir le pobail dá leithéid malartú eolais agus foghlaim chomhoibríoch a chothú i measc múinteoirí.

Aghaidh a thabhairt ar an Deighilt Dhigiteach

Ba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar rochtain ar ghléasanna digiteacha agus ar leathanbhanda chun tacú le litearthacht dhigiteach leanaí. Tá cothroime rochtana ríthábhachtach chun a chinntiú gur féidir le gach foghlaimeoir scileanna litearthachta digití a fhorbairt beag beann ar chúlra socheacnamaíoch. Áirítear leis sin a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach foghlaimeoir ar an teicneolaíocht atá de dhíth orthu agus na scileanna chun í a úsáid go héifeachtach.

Gá le Sainmhíniú Soiléir

Ba cheart go soláthródh an Straitéis sainmhíniú soiléir ar litearthacht dhigiteach. Is féidir leis sin bonn a sholáthar le haghaidh tuiscint chomhsheasmhach agus forbairt scileanna litearthachta digití.

Infheistíocht sa Litearthacht Dhigiteach

Bhí tionchar dearfach ag an infheistíocht i mbonneagar TFC agus i dtacaíocht theicniúil ar fhoghlaim dhigiteach i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Ba cheart é sin a chothú chun forbairt fhadtéarmach na litearthachta digití a éascú.

Múnlaí Hibrideacha agus Múnlaí Cumaisc

Ba cheart scoileanna a spreagadh chun na ceachtanna a foghlaimíodh ón gcianfhoghlaim le linn na paindéime a threisiú chun teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú sna seomraí ranga agus chun múnlaí spreagúla hibrideacha agus múnlaí cumaisc a chruthú chun litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach a fheabhsú do gach foghlaimeoir.

Ról na Leabharlann Poiblí

Is féidir le leabharlanna poiblí ról suntasach a bheith acu maidir le litearthacht dhigiteach a chur chun cinn agus an deighilt dhigiteach a dhúnadh, agus iad ag soláthar rochtain ar theicneolaíocht agus tacaíochta d'úsáideoirí.

Nádúr Dinimiciúil na Litearthachta Digití

Ba cheart go n-aithneofaí sa Straitéis gur coincheap dinimiciúil í an litearthacht dhigiteach a athraíonn leis an teicneolaíocht agus leis an tsochaí. Mar sin, ba cheart féachaint ar fhorbairt na litearthachta digití mar thuras foghlama ar feadh an tsaoil. D'fhéadfadh sainmhíniú solúbtha ar litearthacht dhigiteach sa Straitéis athbhreithnithe agus nuashonruithe rialta a éascú ar aon dul le dul chun cinn teicneolaíochta.

Béim ar Litearthacht Sonraí

Is cuid den litearthacht dhigiteach atá ag éirí níos tábhachtaí é tuiscint a fháil ar conas sonraí a úsáid agus a léirmhíniú. Ba cheart forbairt scileanna litearthachta sonraí i gcomhthéacs na litearthachta digití a mheas.

Litearthacht sna Meáin

Meastar litearthacht sna meáin a bheith ríthábhachtach don daonlathas, don chothromas, don cheartas agus don chaoinfhulaingt. Díríonn an Creat um Litearthacht sna Meáin de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) ar ábhar meán a thuiscint, rochtain a fháil air agus é a chruthú, chun litearthacht sna meáin in Éirinn a chur chun cinn. Ní mór na hidirnaisc idir an Litearthacht Dhigiteach agus litearthacht sna Meáin a mheas sa straitéis LULD.

Bearta Molta

Forbairt Ghairmiúil a Fheabhsú do Mhúinteoirí

- Leanúint ar aghaidh ag cur deiseanna forbartha gairmiúla ar fáil do mhúinteoirí chun a leibhéil inniúlachta féin a fheabhsú, atá dírithe ar thacú le forbairt litearthachta digití an fhoghlaimeora.

An Litearthacht Dhigiteach a Ionchorprú i bhFoghlaim Teangacha

- A chinntiú go gcuireann múinteoirí deiseanna ar fáil d'fhoghlaimeoirí chun scileanna litearthachta digití a fhorbairt chun teanga a fhoghlaim. Is féidir é sin a bhaint amach trí litearthacht dhigiteach a leabú ar fud Churaclam Teanga na Bunscoile agus trí thorthaí foghlama a sholáthar chun teagasc a threorú.

Teicneolaíocht d'Fhoghlaimeoirí EAL

- Acmhainní digiteacha a fhorbairt agus a sholáthar go sonrach d'fhoghlaimeoirí EAL agus d'foghlaimeoirí éagsúla agus iad a chur ar fáil do scoileanna agus do leabharlanna.
- Úsáid na teicneolaíochta a spreagadh chun foghlaim EAL a fheabhsú.

Infheistíocht a dhéanamh i mBonneagar TFC agus i Rochtain Idirlín

- Tá gá le hinfheistíocht leanúnach mharthanach chun bonneagar teicneolaíochta leordhóthanach agus rochtain idirlín a chinntiú do gach scoil.
- Teicneolaíocht Chúnta, agus fáil agus forbairt Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Braille Béarla Aontaithe a chur san áireamh sa straitéis nua.

An Litearthacht Dhigiteach a Chur chun Cinn i Scoileanna Lán-Ghaeilge

- Litearthacht dhigiteach a chur chun cinn i scoileanna lán-Ghaeilge trí chórais oibriúcháin, aipeanna agus bogearraí a chur ar fáil i nGaeilge.

- Teacht leis na moltaí ón bPlean Digiteach don Ghaeilge: Teicneolaíochtaí Urlabhra agus Teanga 2023-2027.

Scileanna Digiteacha a Leabú ar fud an Chórais Oideachais

- Ba cheart scileanna digiteacha a leabú ar fud an chórais oideachais, agus deiseanna a sholáthar chun ardscileanna a fhorbairt.
- Úsáid chruthaitheach teicneolaíochtaí digiteacha a spreagadh sna seomraí ranga agus bonn láidir litearthachta digití a fhorbairt i measc foghlaimeoirí.

Pobal Cleachtais a Fhorbairt do Mhúinteoirí

- Forbairt Pobail Cleachtais do mhúinteoirí a éascú chun eolas, dea-chleachtais agus acmhainní a roinnt. Is féidir leis sin cuidiú le malartú smaointe agus taithí i measc múinteoirí.

Cothroime Rochtana ar Fhoghlaim Dhigiteach a Chinntiú

- Cothroime rochtana ar fhoghlaim dhigiteach a chinntiú agus neamhionannais i rochtain ar leathanbhanda agus ar thacaíocht dhigiteach a cheartú.
- Sábháilteacht ar líne múinteoirí agus foghlaimeoirí a chosaint agus tacaíocht a sholáthar do thuismitheoirí maidir le comhaontuithe ar líne a chruthú i dtaca le rialacha na teicneolaíochta agus na húsáide gléasanna.

Infheistíocht i bhFoghlaim Dhigiteach a Sheasfaidh an Aimsir i Scoileanna a Chinntiú

- Taighde a choimisiúnú ar thionchar na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn ar fhoghlaimeoirí agus ar fhoghlaim, agus tacaíocht shonrach leanúnach a sholáthar maidir le pleanáil don litearthacht dhigiteach.

Feasacht ar Thionchar na Litearthachta Digití ar an bhFolláine a Mhéadú

- Feasacht a mhéadú ar thionchar na litearthachta digití ar an bhfolláine, agus tacú le foghlaimeoirí machnamh a dhéanamh ar a litearthacht dhigiteach i gcomhthéacs athruithe sa tsochaí agus a gcúinsí aonair.
- Tús a chur le scileanna litearthachta digití atá aoisoiriúnach a thabhairt isteach ó aois an-óg, agus cur chuige ildisciplíneach a ionchorprú thar ghníomhaireachtaí éagsúla.

Rannpháirtíocht Phobail a Threisiú

- An córas páirtíochta a bunaíodh mar chuid de thionscnamh na Roinne Oideachais a leathnú chun tacú leis an ríomheolaíocht i mbunscoileanna agus í a fheabhsú.

- **Ceardlanna pobalbhunaithe a chomhordú i réimse na litearthachta digití chun ról a thabhairt don phobal i gcoitinne i bhforbairt scileanna litearthachta digití.**